An Coimisiún Eorpach

# **Paul–Henri Spaak:** aislingeach Eorpach agus áititheoir cumasach




*Paul–Henri Spaak 1899 - 1972*

*'Státaire Eorpach' – is maith a thuilleann gairmréim fhada an Bheilgigh Paul-Henri Spaak an teideal sin.*

*D'inis sé bréag faoina aois, agus glacadh leis in Arm na Beilge le linn an Chéad Chogaidh Dhomhanda. Chaith sé dhá bhliain dá thoradh sin mar chime cogaidh sa Ghearmáin. I rith an Dara Cogadh Domhande, agus é anois ina aire gnóthaí eachtracha, d'fhéach sé le neodracht na Beilge a chaomhnú, ach obair in aisce a bhí ann. Chuaigh sé ar deoraíocht in éineacht leis an rialtas, ar dtús go Páras, agus ansin go Londain.*

*D'éis shaoradh na Beilge, bhí Spaak ina Aire Gnóthaí Eachtracha agus ina Phríomh-Aire. Fiú le linn an Dara Cogadh Domhanda, dhréachtaigh sé pleananna chun tíortha Benelux a chumasc, agus i ndiaidh an chogaidh chuaigh sé i mbun feachtais chun an Eoraip a aontú, agus thacaigh sé leis an gComhphobal Eorpach do Ghual agus Cruach agus le Comhphobal Eorpach um Chosaint.*

*Mheas Spaak gur aontú tíortha trí oibleagáidí ceangailteacha conarthacha an bealach ba éifeachtaí chun an tsíocháin agus cobhsaíocht a ráthú. Chuir sé leis na haidhmeanna sin mar uachtarán ar an gcéad lánchruinniú de na Náisiúin Aontaithe (1946) agus mar Ard-Rúnaí ECAT (1957-61).*

*Bhí ról tábhachtach ag Spaak i bhfoimliú an ábhair do Chonradh na Róimhe. Ag 'Comhdháil Messina' i 1955, cheap na sé rialtas rannpháirteacha é ina uachtarán ar an gcoiste oibre a d'ullmhaigh an Conradh.*

## Dul chun cinn i bpolaitíocht na Beilge

Rugadh Paul-Henri Spaak ar an 25 Eanáir 1899 i Schaerbeek, an Bheilg agus bhí a mhuintir an-ghníomhach i bpolaitíocht na Beilge. Ba bhall tábhachtach den Pháirtí Liobrálach a sheanathair, Paul Janson, agus bhí a mháthair shóisialach, Marie Janson, ar an gcéad bhean i Seanad na Beilge. Bhí uncail leis a chuaigh leis an bpolaitíocht freisin, Paul-Emile Janson, a bhí ina Phríomh-Aire ar an mBeilg go deireanach sna 1930daí.

Chuaigh Spaak isteach in arm na Beilge sa Chéad Chogadh Domhanda tar éis dó bréag a insint faoina aois. Ghabh na Gearmánaigh é go luath ina dhiaidh sin agus chaith sé dhá bhliain i gcampa géibhinn. Rinne sé staidéar ar an dlí tar éis an chogaidh. Le linn na tréimhse sin, d'fhorbair sé grá don spórt, agus d'imir sé d'fhoirne leadóige na Beilge i gcomórtas Davis Cup 1922.

Tar éis dó céim a fháil, fuair sé post le cliantacht dlíodóra sa Bhruiséil. I 1920 ghlac sé ballraíocht i bPáirtí Sóisialach an Lucht Oibre sa Bheilg. Rinne sé dul chun cinn tapa sa pholaitíocht náisiúnta agus ceapadh é ina Phríomh-Aire ar an mBeilg i 1938. Le linn an Dara Cogadh Domhanda bhí sé ina Aire Gnóthaí Eachtracha i rialtas na Beilge a bhí ar deoraíocht i Londain. Nuair a d'fhill sé ar an mBruiséil i 1944, d'oibrigh sé i rialtais iarchogaidh mar Aire

Gnóthaí Eachtracha agus mar Phríomh-Aire. I 1945, bhain sé cáil idirnáisiúnta amach nuair a toghadh é mar Chathaoirleach ar an gcéad seisiún de Thionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe. I 1956, roghnaigh Comhairle Eagraíocht Chonradh an Atlantaigh Thuaidh (ECAT) é mar Ard-Rúnaí.

## Rannchuidiú leis an Eoraip

Bhí an-cháil ar Spaak i ngeall ar a chumas óráidíochta: d'éisteodh daoine leis agus bhí an-chumas áitithe ann. I ngeall ar na buanna sin agus an fhís a bhí aige do chomhar eorpach bhí sé ar cheann de na daoine is mó a chuir le tionscadal na lánpháirtíochta Eorpaí.

## An Benelux

Cé go raibh an chuid is mó den Eoraip scriosta tar éis an Dara Cogadh Domhanda, chonaic Spaak deis an Eoraip a neartú arís trí chomhar eacnamaíoch agus polaitiúil. De thoradh an chogaidh, bhí sé diongbháilte gur táirgiúla i bhfad é oibriú le chéile ar mhaithe le sprioc amháin ná a bheith in adharca a chéile. Bhí Spaak ar dhuine de Phríomhbhunaitheoirí an AE mar go bhfaca sé an deis an Eoraip i ndiaidh an chogaidh a aontú. Toradh air sin is ea an Benelux a cruthaíodh i 1944.

Fad is a bhí Spaak ag obair ó Londain, bhí an cogadh ag déanamh ruathair ar an mór-roinn. An tráth céanna, bhí Spaak agus a chomhghleacaithe ón Ísiltír agus ó Lucsamburg ag obair ar thionscadal úrnua agus uaillmhianach. Tháinig an Benelux ar an saol i 1944: an t-aontas custaim idir an Bheilg, an Ísiltír agus Lucsamburg. Smaoineamh simplí a bhí ann, ach níorbh facthas ná níor tugadh faoi roimhe sin. Ráthófaí saorghluaiseacht airgid, daoine, seirbhísí agus earraí taobh istigh de theorainneacha na dtrí thír: ionspráid do lánpháirtiú na hEorpa ina dhiaidh sin.

## Comhdháil Messina

I 1955, roghnaíodh Spaak ag Comhdháil Messina mar chathaoirleach ar choiste (Coiste Spaak) le bheith i bhfeighil tuarascáil a ullmhú ar chómhargadh a chruthú. Le linn Chomhdháil Messina, mhol na trí stát Benelux lánpháirtiú na hEorpa a sheoladh arís agus go ndéanfaí sin bunaithe ar chómhargadh agus comhtháthú sna hearnálacha iompair agus fuinnimh adamhaigh. Bhí 'Tuarascáil Spaak' mar bhunús leis an gComhadháil Idir-rialtasach ar an gCómhargadh agus Euratom i 1956, agus le Conarthaí na Róimhe ina dhiaidh sin a síníodh ar an 25 Márta 1957 lenar bunaíodh Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa i 1958. Ba é Spaak a shínigh an Conradh thar ceann na Beilge.

Le linn a ghairme polaitiúla, thug Spaak cosaint láidir i gcónaí don tábhacht a bhain leis an lánpháirtíocht agus le neamhspleáchas an Choimisiúin Eorpaigh: "Eoraip fhornáisiúnta is gá a bheith ann amach anseo," a dúirt sé chun gonc a thabhairt do 'Phlean Fouchet' 1962 a bhí ag Uachtarán na Fraince Charles de Gaulle, plean a rinne iarracht bac a chur ar an mBreatain teacht isteach sna Comhphobail Eorpacha agus an bonn a bhaint den bhunchloch fhornáisiúnta. Aontas eacnamaíoch is mó a bhí ina intinn ag Spaak. Bhí dúil aige in aontú polaitiúil ach gan é a bheith bunaithe ar thíortha an Chómhargaidh amháin. Níor léirigh sé aon tacaíocht do bhearta breise go dtí go raibh an Bhreatain lánpháirtithe go heacnamaíoch leis an aontas. D'fhág sé an pholaitíocht i 1966 agus fuair sé bás sa Bhruiséil i 1972.




*Spaak agus é ag cur a shíniú le conradh Eorpach thar ceann na Beilge i 1965.*

## Eorpach go smior

Beidh cáil ar Spaak go deo mar dhuine a bhrú próiseas lánpháirithe na hEorpa ar aghaidh. Fiú sular cuireadh tús le haon chomhar eacnamaíoch ná polaitiúil Eorpach, chreid sé i dtionscadal na hEorpa. Ba Eorpach go smior é agus níor stop a aisling ag teorainneacha a thíre féin.